Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2013

# Stair

Aonad 2: An Cogadh Fuar 1945−1991

Bonnsraith agus Ardsraith

**[GHY21] [GHY22]**

**DÉ LUAIN 10 MEITHEAMH, MAIDIN**

# LEABHRÁN ÁISEANNA

LEATHANACH BÁN

## Imshuí Bheirlín, 1948–1949

**Foinse A: Míníonn staraí nua-aimseartha, ag scríobh sa bhliain 1996, dearcadh Stalin maidir le Beirlín Thiar**

Shíl Stalin go dtiocfadh leis a údarás féin a bhrú ar Bheirlín Thiar. Bhí sé suite go domhain istigh i gcrios na Sóivéadach agus bhí sé ag brath ar bhóithre, ar iarnróid agus ar chanálacha lena nascadh le hIarthar na Gearmáine. Rinne Stalin cinneadh na línte soláthair seo uilig ó Iarthar na Gearmáine a bhlocáil, agus leis sin bhí an dá mhilliún duine i mBeirlín Thiar scartha ó chabhair ón iarthar. Thosaigh Imshuí Bheirlín i Meitheamh 1948. Chreid Stalin go gcuirfeadh seo iallach ar na Comhghuaillithe imeacht as Beirlín Thiar agus go bhfágfadh sé muintir Bheirlín go huile is go hiomlán i dtuilleamaí APSS (*USSR*).

**Foinse B: An tUachtarán Truman, ag labhairt i gcraolachán raidió le pobal Mheiriceá in 1948**

Is beart é Imshuí Bheirlín a rinneadh le tástáil a dhéanamh ar an chumas agus ar an toil atá againn cur ina n-aghaidh. An gníomh tobann seo agus na hiarrachtaí a rinne APSS (*USSR*) roimhe seo le seilbh a fháil ar an Ghréig agus ar an Tuirc, is cuid iad de phlean APSS (*USSR*) leis na laigí a aimsiú i gcomhghuaillíocht an iarthair agus lena riail féin a leathnú. Ba mhaith le APSS (*USSR*) muid a ruaigeadh as cathair Bheirlín. Ní bhogfar muid. Caithfidh muid gníomhú le saoirse na ndaoine ansin a chosaint.

**Foinse C: An Maor Anatoly Semiriaga, saighdiúir APSS (*USSR*) a bhí ar stáisiún i mBeirlín ó 1945 go 1949, faoi agallamh in 1997**

Rinneadh an tImshuí a ullmhú ar feadh seachtainí roimh ré. Ní thar oíche a tharla sé. Rinne muid gach a dtiocfadh linn le brú a chur ar na Comhghuaillithe imeacht as Beirlín Thiar go toilteanach, mar go raibh an chuid iartharach de Bheirlín mar a bheadh bior sa bheo againn. Bhí na leasuithe eacnamaíocha acu ag déanamh dochair do gheilleagar Oirthear na Gearmáine. Bhí míshuaimhneas ag teacht ar an phobal againne. Ach ní raibh na Comhghuaillithe ag iarraidh imeacht. Bhí orainn beart a dhéanamh agus mar sin de, chinn muid ar an saol a dhéanamh dofhulaingthe do mhuintir Iarthar Bheirlín leis na Comhghuaillithe a bhrú amach.

*Foinse A: ó Ben Walsh, Modern World History, John Murray, 1996 (arna chur in oiriúint)*
*Foinse B: ó Ben Walsh, Modern World History, John Murray, 1996 (arna chur in oiriúint)*
*Foinse C: Brave New World, The People's Century, BBC, 1997 (arna chur in oiriúint)*

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.